# Scéal, Scéal, Scéal ...

16 Feabhra 2023 || Eagrán 134

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus deis a thabairt daoibh bheith páirteach i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tá fáilte 's fiche romhaibh altanna, scéalta, filíocht nó léirmheas fiú a réiteach agus a sheoladh chugainn don nuachtlitir, chuile sheachtain! Chomh maith le sin, cuireann muid fáilte roimh chomhfhreagras ón bpobal maidir le bealaí ar bith gur féidir linn cúnamh nó tacaíocht a thabhairt daoibh. Is féidir teacht orainn in Inis Fáil, sa Spidéal (trasna ón séipéal) nó ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com**



# COMÓRTAS LITEARTHA AN OIREACHTAIS 2023

**Tá an tOireachtas ag glacadh anois le hiarratais do Chomórtais Liteartha an Oireachtais 2023. Tá tríocha haon (31) comórtas ar chlár na bliana seo – cúig déag (15) acu sin dírithe ar scríbhneoirí fásta agus sé déag (16) dírithe ar scríbhneoirí óga. Tá réimse leathan seánraí ar an siollabas comórtais: úrscéal; gearrscéal; ficsean d'fhoghlaimeoirí fásta; prós; filíocht; iriseoireacht; greannán; agus drámaíocht ina measc. Cuirfear duaischiste ar fáil do gach comórtas agus níos tábhachtaí fós, cuirfidh an painéal moltóirí aiseolas luachmhar ar fáil do na scríbhneoirí ar a gcuid saothar – aiseolas a chabhróidh le forbairt, bláthú agus scileanna scríbhneoireachta na scríbhneoirí. Is féidir iarratas a chur isteach ar líne ag an nasc seo: www.antoireachtas.ie nó is féidir cóip den fhoirm iarratais a fháil ó Oifig an Oireachtais agus í a sheoladh chuig: Comórtais Liteartha an Oireachtais 2023, Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe, H91 XP6E. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Sathairn 1 Iúil 2023.**



# FOLÚNTAS AG AN GCRÚISCÍN LÁN

**Tá An Crúiscín Lán sa tóir ar; chúntóir cócaire, freastalaí agus freastalaithe chomh maith le póirtéir cistine le bheith mar bhaill dá bhfoireann. Tá postanna lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil. Le suim a léiriú is féidir teagmháil a dhéanamh le ancruiscinlanhotel@gmail.com**



# T-LÉINTE SPEISIALTA AG SOCOS

Tá t-léinte áille, atá an-fheiliúnach do ghasúir, ar fáil ag SOCOS. Is féidir do dhearadh féin a roghnú - dineasáir, ainmhithe, banphrionsa nó aonbheannaigh fiú! Tá spás d'ainm an ghasúir freisin le dul faoin bpictiúr. Chomh maith le sin, is féidir leis an ngasúr an íomhá a dhathú iad féin, le marcóirí speisialta a thagann leis an t-léine. Is smaoineamh iontach atá ann le daoine beaga a choinneáil gnóthach!




Is féidir t-léine a ordú ó SOCOS, ag an siopa in Indreabhán, nó glacfar



le ordú thar an bhfón ag 091 593 301.




# TRÁTH NA GCEIST

Beidh Tráth na gCeist á reáchtáil ar an Aoine 17ú Feabhra, i dTigh Chualáin, ar an gCoill Rua, ar mhaithe le airgead a bhailiú do Chumann Sacair Chois Fharraige. Táille €40 a bheas ar gach bord de cheathrar. Beidh crannchur ann chomh maith ar an oíche agus deis duaiseanna iontacha a buachan! Bheadh an club sacair an-bhuíoch do thacaíocht ón bpobal don ócáid.



# SÉASÚR NUA AG STIÚIDEO CUAN

**Tá sraith nua de choirmeacha ceoil den scoth, darbh ainm Féasta Ceoil an Spidéil 2023 fógartha ag Stiúideo Cuan. Cuirfear tús leis an sraith nua ar an Aoine 24ú Feabhra le Téada. Is iomaí aoí iontach a bheas ann idir seo agus mí Bealtaine, le Líadan, Na Casadaigh agus Altan san áireamh, chomh maith le Paddy Keenan thar dhá oíche thart ar aimsir na Féile Pádraig. Le ticéad, ní ticéid a chur in áirithe is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ag Stiúideo Cuan ach teagmháil a dhéanamh leo ag oifig@studiocuan.ie nó ar 091 553 838 Ní mór teagmháil a dhéanamh go luath le d'áit a dheimhniú!**



# RANGANNA GAEILGE

do Thuismitheoirí

**Ranganna Gaeilge do:**
**Thuismitheoirí (Tosaitheoirí)**

Irish Classes for Parents (Beginners)

Cúrsa 6 seachtaine @ **€20**

**Déardaoin 9ú Feabhra**
**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**



Moltar clárú roimh ré ag
**optchoisfharraige@gmail.com**
(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# RANGANNA GAEILGE

do Thosaitheoirí

**Ranganna Gaeilge do: Thosaitheoirí**

(Irish Classes for Beginners)

Cúrsa 6 seachtaine @ **€20**

**Dé Máirt 7ú Feabhra**
**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**



Moltar clárú roimh ré ag
**optchoisfharraige@gmail.com**
(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# MAIDIN CHAIFE DO THUISMITHEOIRÍ SNA FORBACHA

**Tá maidin chaife do thuismitheoirí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga i Scoil na bhForbacha ar an Aoine 24ú Feabhra @ 9:30r.n. Beidh na hOifigigh Pleanála Teanga i láthair chomh maith le hOifigeach Forbartha Cúige Chonnacht/Laighean le Tuismitheoirí na Gaeltachta le labhairt le na tuismitheoirí faoi na tacaíochtaí agus seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Deis do chupán tae agus plé a bheas ann!**



COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga



## Maidin chaife do thuismitheoirí

Dé hAoine 24 Feabhra
@ 9:30r.n.
i Halla Scoil na bhForbacha



Tuilleadh eolais: ocptchoisfharraige@gmail.com.

Cupán tae agus comhluadar!

**Is í an Ghaeilge teanga na hócaide seo**

Tuismitheoirí
na Gaeltachta
www.tuismitheoiri.ie • 091 869571




# COGADH NA SAOIRSE I GCOIS FHARRAIGE

**Tá ócáid speisialta á reáchtáil ag Club Leabhar Chois Fharraige ar an 15ú Márta @ 8i.n. mar chuid de cheiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge. 'Murdar' ar an Lochán Beag a bheas á phlé leis an údar Peadar G. Ó Máille agus an staraí Cormac Ó Comhraí. I Tigh Mholly a bheas an ócáid ar siúl. Le níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gclub ag clubleabharcf@gmail.com**



Seachtain na Gaeilge le enÉrgia

## Cogadh na Saoirse i gCois Fharraige




'Murdar' ar an Lochán Beag
**Plé leis an údar**
**Peadar G. Ó Máille**
**&**
**an staraí**
**Cormac Ó Comhraí**

**Tigh Mholly**
**15 Márta**
**8 i.n.**

Seachtain na Gaeilge le enÉrgia

á eagrú ag Club Leabhar Chois Fharraige

# BALLRAÍOCHT DO CHLUB IOMÁNAÍOCHTA BEARNA NA FORBACHA

**Tá Club Iománaíochta Bearna Na Forbacha ag glacadh le baill nua anois, don bhliain 2023. Is féidir gach eolais a fháil faoi bhallraíocht a fháil leis an gclub ar a gcuntas Facebook: Club Iománaíochta Bearna Na Forbacha. Beidh lá clárúcháin speisialta ag an gclub go luath - coinnigí súil ar an leathanach FB!**

CLUB IOMÁNAÍOCHTA
BEARNA / NA FORBACHA
BUNAITHE 1992

# CEARDLANN EOLAIS:
# SCÉIM NA BHFÉILTE EALAÍONA

Tá ceardlann eolais á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta le roinnt eolais agus cúnaimh a thabhairt do dhaoine aonair agus/nó eagraíochtaí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar Scéim na bhFéilte Ealaíona dá gcuid. Beidh an cheardlann ar siúl, faoi dhó, ar an 23 Feabhra. Tosóidh seisiún na maidine @ 10-11r.n. agus beidh deis eile freastal ar an gceardlann níos déanaí @ 7-8i.n. Le clárú don cheardlann, ní mór teagmháil a dhéanamh le ealain@udaras.ie le do spás a chur in áirithe nó le tuilleadh eolais a fháil. Deis iontach a bheas ann níos mó a fhoghlaim faoin scéim agus na féidearthachtaí maoinithe a bhaineann léi.




# OÍCHE SHÓISIALTA
# CLG MICHEÁL BREATHNACH

Is in Óstán Chois Fharraige sna Forbacha a bheas Oíche Shóisialta ag Cumann Micheál Breathnach ar an Aoine, 10 Márta Beidh dinnéar, chomh maith le bronnadh ar an oíche, le neart ceoil, craic agus spraoi freisin! Tá na ticéid le ceannach ar líne ar €45 an cheann.